An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

# Dréachtshonraíocht Corpoideachais na Sraithe Sóisearaí

# An Clár Ábhar


*Intreoir don tsraith shóisearach* ........ *4*

**Réasúnaíocht** ........ **5**

**Aidhm** ........ **6**

**Naisc Forléargais** ........ **7**

Ráitis Foghlama ........ 7

Príomhscileanna ........ 8

**Corpoideachas agus Folláine** ........ **11**

*Forbhreathnú: Cúrsa* ........ *13*

**Na Gnéithe** ........ **14**

**Trí shnáithe idirnasctha an Chorpoideachais** ........ **16**

Cruthú ........ 16

Rannpháirtíocht ........ 16

Léirthuiscint ........ 17

**Réimsí Gníomhaíochta Coirp** ........ **18**

**Gníomhaíochtaí Coirp** ........ **21**

*Dul chun cinn ón Luath-óige, an bunoideachas agus an tSraith Shinsearach* ........ *22*

**Luath-óige** ........ **22**

**Curaclam na Bunscoile** ........ **22**

**An tSraith Shinsearach** ........ **22**

*Ionchais maidir le scoláirí* ........ *23*

**Torthaí foghlama** ........ **23**

**Snáithe 1. Cruthú** ........ **24**

**Snáithe 2: Rannpháirtíocht** ........ **25**

**Snáithe 3: Léirthuiscint** ........ **26**

*Measúnú agus tuairisciú* ........ *27*

Measúnú do Phróifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí ........ 29
Réasúnaíocht leis na Measúnuithe Rangbhunaithe sa Chorpoideachas ........ 29
Measúnú Rangbhunaithe 1: Gníomhaíocht choirp le haghaidh na sláinte agus an taitnimh... 30
Measúnú Rangbhunaithe 2: Mo thaispeántas ........ 30
Na Measúnuithe Rangbhunaithe a Mheas ........ 31
Na gnéithe cáilíochta ........ 31
Cleachtais mheasúnaithe ionchuimsitheacha ........ 31
Aguisín 1: Gluais bhriathra gnímh ........ 32

# Intreoir don tsraith shóisearach

In oideachas na sraithe sóisearaí cuirtear an scoláire ag croílár an eispéiris oideachasúil, á chumasú le páirt ghníomhach a ghlacadh ina phobal féin agus sa tsochaí, agus á chumasú freisin le tabhairt faoin bhfoghlaim go seiftiúil agus go muiníneach i ngach gné agus ag gach céim dá shaol. Tá an tsraith shóisearach uileghabhálach i dtaca le gach scoláire. Sa tsraith shóisearach cuirtear le comhionannas deise, rannpháirtíochta agus torthaí do chách.

Sa tsraith shóisearach cuirtear nasc níos fearr leis an bhfoghlaim ar fáil don scoláire mar go ndírítear ar chaighdeán na foghlama. Déantar eispéiris a sholáthar don scoláire atá mealltach agus taitneamhach, agus bainteach lena shaol. Eispéiris d'ardchaighdeán iad seo, cuireann siad go díreach le folláine fhisiciúil, mheabhrach agus shóisialta an fhoghlaimeora, agus, de réir mar is féidir, cuireann siad deiseanna ar fáil le hinniúlachtaí agus le buanna an fhoghlaimeora a fhorbairt maidir le cruthaitheacht, nuálaíocht agus fiontar. I gclár shraith shóisearach an fhoghlaimeora tógtar ar a bhfuil foghlamtha aige cheana, tugtar tacaíocht do chur chun cinn a chuid foghlama, agus tacaítear leis chun na scileanna foghlama a fhorbairt a chabhróidh leis tabhairt faoi dhúshláin an tsaoil lasmuigh den scoil.

## Réasúnaíocht

Tacaíonn an Corpoideachas le forbairt inniúlachtaí corpartha, cognaíocha, síceolaíocha agus sóisialta. Trí staidéar a dhéanamh ar an gCorpoideachas forbraíonn an scoláire tuiscint ar ghnéithe corpartha, intinne, mothúchánacha agus sóisialta na luaile daonna. Tacaíonn foghlaim sa Chorpoideachas le rannpháirtíocht an scoláire i ngníomhaíocht áineasa choirp agus i spórt comórtais, le tabhairt faoi spriocanna aonair agus le rannpháirtíocht i spórt eagraithe i róil éagsúla ar nós a bheith mar bhall den lucht féachana, a bheith mar oifigeach nó a bheith mar oibrí dheonach. Díríonn an tsonraíocht do Chorpoideachas na Sraithe Sóisearaí ar fhorbairt duine óig atá liteartha go fisiciúil. Forbraíonn sé eolas, tuiscint agus scileanna chun a chur ar chumas an scoláire rannpháirtíocht fheasach, mhuiníneach agus inniúil a bheith aige nó aici sa ghníomhaíocht choirp agus forbraíonn sé tiomantas don rannpháirtíocht ar feadh an tsaoil.

Tríd an tsonraíocht seo, cuirtear deiseanna ar fáil don scoláire chun scileanna agus inniúlachtaí luaile a fhorbairt chun a bheith rannpháirteach agus chun cruthú i raon de ghníomhaíochtaí coirp éagsúla go hinniúil agus go sábháilte. Tógann an scoláire ar scileanna luaile agus é ag forbairt inniúlacht chun pátrúin luaile níos castaí a chruthú i raon de shuíomhanna agus modhanna éagsúla. Éascaíonn sé seo aistriú eolais agus scileanna i measc raon de chomhthéacsanna éagsúla idir rannpháirtíocht áineasa agus cruthú spóirt.

Forbraíonn an scoláire tuiscint ar phrionsabail agus ar rialacha rannpháirtíochta i ngníomhaíochtaí coirp i slí shábháilte, dhúshlánach agus thaitneamhach, a thacaíonn le forbairt phearsanta, shóisialta agus chorpartha an scoláire. Trí rannpháirtíocht ghníomhach, cuireann an scoláire lena scileanna idirphearsanta agus ceannasaíochta. Forbraíonn sé a chumas cinntí feasacha a ghlacadh i dtaca le gníomhaíocht choirp agus léirthuiscint á fháil aige nó aici ar na hiarbhearta i gcomhthéacsanna taicticiúla agus sóisialta araon.

Tacaíonn an Corpoideachas leis an scoláire meon i leith, spreagadh i dtreo, agus tiomantas don ghníomhaíocht choirp ar feadh an tsaoil a fhorbairt. Cuireann sé chun cinn tuiscint ar nósanna maireachtála agus an tslí ina bhforbraítear agus a n-athraítear iad.  Spreagann sé léirthuiscint ar an méid a chuireann an ghníomhaíocht choirp le sláinte agus le folláine. Cuireann an Corpoideachas gníomhú an scoláire chun cinn trí raon comhthéacsanna, machnamh chriticiúil agus rogha a chur os a chomhair. Forbraíonn an scoláire a fhéinmhuinín agus a thuiscint ar a inniúlacht phearsanta trí eispéiris fhiúntacha agus thaitneamhacha. Mar thoradh air seo, éascaítear cumas an scoláire fáiltiú roimh ghníomhaíochtaí nua, tuiscint dhomhain ar na buntáistí a bhaineann le gníomhaíocht choirp rialta a chuireann leis an tsláinte agus ionchuimsiú gníomhaíocht choirp ar feadh an tsaoil mar chuid de nósanna maireachtála sláintiúla

## Aidhm

Is é is aidhm do shonraíocht Corpoideachais na Sraithe Sóisearaí ná an scoláire a fhorbairt ina rannpháirtí inniúil, muiníneach agus féinrialaitheach i ngníomhaíocht choirp i raon de ghníomhaíochtaí coirp éagsúla. Is é is aidhm dó ná an scoláire a fheistiú le heolas agus le scileanna a chabhróidh leis nó léi cinntí feasacha a dhéanamh maidir lena rannpháirtíocht i ngníomhaíocht choirp bíodh sin mar rannpháirtíocht áineasa nó spóirt. Tacaíonn sé le spreagadh an scoláire tabhairt faoi nósanna maireachtála gníomhacha agus sláintiúla, agus san am céanna, léirthuiscint ar bhuntáistí na rannpháirtíochta sa ghníomhaíocht choirp a chur ina luí air nó uirthi.

## Naisc Forléargais

Tacaíonn an Corpoideachas le réimse leathan foghlama sa tsraith shóisearach. Léiríonn Táblaí 1, 2 agus 3 ar na leathanaigh seo a leanas an chaoi a bhfuil Corpoideachas na Sraithe Sóisearaí nasctha le gnéithe lárnacha den fhoghlaim agus den teagasc sa tsraith shóisearach.

*Tábla 1: Naisc idir Corpoideachas na Sraithe Sóisearaí agus na Ráitis Foghlama.*

### RÁITIS FOGHLAMA

| An ráiteas | Samplaí d'fhoghlaim ábhartha |
|---|---|
| RF 4: Cruthaíonn agus cuireann an scoláire i láthair saothair ealaíonta agus tuigeann sé/sí an próiseas agus na scileanna atá i gceist. | Cruthaíonn agus léiríonn an scoláire rannpháirtíocht agus/nó taibhithe damhsa agus gleacaíochta aonair agus grúpa de réir na gcritéar le haghaidh taibhiú ealaíne. Feabhsaíonn sé a chuid taispeántas bunaithe ar mhachnamh agus ar aiseolas. |
| RF 11: Gníomhaíonn an scoláire chun a leas féin agus leas daoine eile a chosaint agus a chothú. | Déanann an scoláire machnamh ghníomhach ar a leibhéil gníomhaíochta fisiciúla agus pleanálann sé le haghaidh rannpháirtíocht rialta, bhríoch, sa ghníomhaíocht fhisiciúil. Bíonn sé páirteach i ngníomhaíochtaí fisiciúla a chuireann caidrimh dhearfacha chun cinn agus a éilíonn comhoibriú agus meas ar chumais éagsúla. Foghlaimíonn an scoláire an dóigh le nósanna imeachta sábháilteachta agus ardchaighdeáin eitice a chur i bhfeidhm sa raon de ghníomhaíochtaí fisiciúla éagsúla. Cruthaíonn sé, pleanálann sé, treoraíonn sé agus glacann sé páirt i raon leathan de ghníomhaíochtaí fisiciúla éagsúla. |
| RF 12: Is rannpháirtí muiníneach agus cumasach é an scoláire i ngníomhaíocht choirp agus spreagtar é bheith gníomhach go fisiceach. | Éiríonn an scoláire níos muiníní agus níos cumasaí de réir mar a bhíonn sé ag foghlaim, trí bheith páirteach i réimse de ghníomhaíochtaí fisiciúla atá dúshlánach agus cuí maidir le forbairt. Socraíonn sé spriocanna agus pleanálann sé feabhas a chur ar a scileanna luaile, a inniúlacht, a chorpacmhainn agus a rannpháirtíocht sa ghníomhaíocht choirp. |
| RF 23: Tógann an scoláire smaoineamh ar aghaidh ó cheapadh go réadú. | Cruthaíonn an scoláire cluichí mionathraithe chun tuiscint thaicticiúil a fhorbairt agus úsáideann sé |

| | |
|---|---|
| | trealamh chun páirt a ghlacadh sa chluiche mionathraithe agus chun rannpháirtíocht daoine eile sa chluiche a chumasú. |

## PRÍOMHSCILEANNA

I dteannta a n-inneachair agus a n-eolais shonraigh, tugann ábhair agus gearrchúrsaí na sraithe sóisearaí deiseanna don scoláire chun réimse leathan príomhscileanna a fhorbairt. Tá deiseanna ann chun tacú leis na príomhscileanna uile sa chúrsa seo ach tá roinnt díobh a bhfuil tábhacht ar leith leo. Sainaithnítear sna samplaí thíos roinnt de na gnéithe a bhaineann le gníomhaíochtaí foghlama sa Chorpoideachas. Chomh maith leis sin, is féidir leis an múinteoir a lán de na gnéithe eile de phríomhscileanna ar leith a fhí isteach ina chuid pleanála don seomra ranga. Leagtar amach na hocht bpríomhscil go mion i bPríomhscileanna na Sraithe Sóisearaí.




*Fíor 1 Príomhscileanna na Sraithe Sóisearaí*

*Tábla 2 Naisc idir Corpoideachas na Sraithe Sóisearaí agus na príomhscileanna*

| **Príomhscil** | **Gné na príomhscile** | **Samplaí de ghníomhaíochtaí foghlama an scoláire** |
|---|---|---|
| A bheith cruthaitheach | Smaointe a chur i bhfeidhm agus gníomhú | Glacann an scoláire páirt i roinnt dúshlán aonair, i bpéirí agus i ngrúpaí a bhfuil réiteach fadhbanna agus comhoibriú ag teastáil chun iad a réiteach agus a chur i gcrích. |
| A bheith liteartha | Smaointe a chur in iúl go soiléir agus le cruinneas | Cuireann an scoláire tuairimí in iúl ó bhéal agus fiosraíonn sé smaointe lena chomhscoláirí i ngrúpa chun scileanna a fhorbairt, chun sraitheanna cóiréagrafaíochta a cheangal agus chun míreanna rince grúpa a thaibhiú. |
| A bheith uimheartha | Sonraí a bhailiú, a léirmhíniú agus a léiriú | Déanann an scoláire anailís fhisiciúil ar a ráta croí féin agus ar rátaí croí daoine eile le linn dóibh gníomhaíocht choirp mheasartha a dhéanamh. Cuireann sé sonraí i láthair ar ghraif agus úsáideann sé na torthaí chun breithniú a dhéanamh ar ghníomhaíocht choirp agus pleanálann sé le haghaidh rannpháirtíocht sa ghníomhaíocht choirp sa todhchaí. |
| Cumarsáid | Éisteacht agus mé féin a chur in iúl | Téann an scoláire i ngleic go rathúil le cásanna a bhfuil brú i gceist leo i gcluichí ionraidh trí labhairt le, treoir a thabhairt do, éisteacht le agus tacú le comhscoláirí. |
| Faisnéis agus smaointeoireacht a bhainistiú | Athmhacnamh agus meastóireacht ar mo chuid foghlama | Glacann an scoláire páirt in athmhachnamh gníomhach leanúnach a tharlaíonn trí mheán na gníomhaíochta coirp. Déanann sé meastóireacht ar an eolas chun réimsí feabhais maidir le scileanna snámha ar nós an chrágshnámha a aithint |
| Mé féin a bhainistiú | Cinntí ciallmhara a dhéanamh | Cuirtear dúshlán roimh an scoláire le cás ina gcaithfidh siad straitéisí a chinntíonn go bhfuil an gníomhaíocht choirp ionchuimsitheach a shainaithint. Cruthaíonn sé, cuireann sé i |

| | | |
|---|---|---|
| | | bhfeidhm agus léiríonn sé na hoiriúnaithe ar ghníomhaíocht choirp. |
| Fanacht folláin | A bheith sóisialta | Baineann an scoláire taitneamh as a bheith gníomhach lena chairde. |
| Obair le daoine eile | Bheith ag obair le daoine eile tríd an teicneolaíocht dhigiteach | Déanann an scoláire taifead den rannphháirtíocht sa ghíomhaíocht choirp agus/nó taispeántas agus déanann siad anailís air chun a láidreachtaí a aithint agus chun spriocanna pearsanta nua a shocrú. |

## Corpoideachas agus Folláine

Tá Corpoideachas ina ghné lárnach de chlár Folláine na Sraithe Sóisearaí. Sainaithníonn na sé tháscaire folláine – Gníomhach, Freagrach, Ceangailte, Athléimneach, Meas Orm agus Feasach -– na rudaí atá tábhachtach d’fholláine daoine óga sa tsraith shóisearach.

Dearadh an tsonraíocht Corpoideachais chun cur go díreach leis na táscairí folláine sa tSraith Shóisearach.




*Fíor 2 Sé tháscaire na folláine*


Tá treoirlínte chun tacú le scoileanna le clár Folláine don tsraith shóisearach a fhorbairt ar fáil ar https://ncca.ie/en/junior-cycle/wellbeing.

# Forbhreathnú: Cúrsa

Dírítear sa tsonraíocht le haghaidh Corpoideachas na Sraithe Sóisearaí ar dhuine óg atá liteartha go fisiciúil a fhorbairt i dtaca le heolas, tuiscint, scileanna agus luachanna chun rannpháirtíocht fheasach, mhuiníneach agus inniúil sa ghníomhaíocht choirp agus tiomantas don rannpháirtíocht ar feadh an tsaoil a chumasú. Baineann sé an méid seo amach trí thrí shnáithe atá fite fuaite ina cheile atá fréamhaithe sa ghníomhaíocht choirp. Taispeántas, Rannpháirtíocht agus Léirthuiscint agus trí bhunghné thacúla: Inniúlacht Luaile, Rannpháirtíocht Shábháilte agus Eiticiúil agus Rannpháirtíocht ar feadh an tsaoil. Dearadh í d'íosmhéid 135 uair an chloig de rannpháirtíocht an scoláire ar an gclár ama thar thrí bliana na sraithe sóisearaí.

**Tá rannpháirtíocht an scoláire atá gníomhach go fisiciúil lárnach in eispéireas Corpoideachais na Sraithe Sóisearaí. Tá teagmháil agus taithí an scoláire ar raon leathan réimsí den ghníomhaíocht choirp, trí rannpháirtíocht aonair agus foirne araon, ríthábhachtach d'eispéireas an Chorpoideachais. Chun fairsinge agus cothromaíocht na sonraíochta a chumasú ba cheart go bhfaigheadh an scoláire taithí ar an raon molta de ghníomhaíocht amháin ar a laghad ó chúig réimse gníomhaíochta éagsúla ar a laghad, atá le fáil ar leathanach 16. Moltar gur féidir gníomhaíocht ar son na sláinte a chomhtháthú le réimsí gníomhaíochta coirp eile.**

Dearadh na Torthaí Foghlama don tsonraíocht chun go bhfaighfí taithí orthu i slí fhairsing. Is féidir tabhairt faoi roinnt acu i gcomhthéacs a bheith ag dul i ngleic le gach ceann de na cúig ghníomhaíocht choirp san áit gur féidir tabhairt faoi chinn eile trí ghníomhaíochtaí breise.




*Fíor 3 Achoimre ar an tsonraíocht*

## Na Gnéithe

Cuireann na Gnéithe seo buntuiscint ar an gCorpoideachas ar fáil agus tá siad fite fuaite i bhfoghlaim agus i dteagasc uile an Chorpoideachais síos tríd. Cuireann siad bonn eolais faoin tslí ina bhfaighidh an scoláire taithí ar na torthaí foghlama laistigh de na snáithí. Tacaíonn siad le haidhm na sonraíochta trí fhócas a chur ar fáil le bonn eolais a chur faoi eispéireas na dtorthaí foghlama. Tríd an eispéireas seo, tugtar deiseanna don scoláire inniúlachtaí fisiciúla, cognaíocha, síceolaíocha agus sóisialta a fhorbairt.

Na trí Ghné:

1. Inniúlacht luaile
2. Rannpháirtíocht shábháilte agus eiticiúil
3. Rannpháirtíocht ar feadh an tsaoil

| **Gnéithe** | **Iarratas** |
|---|---|
| Inniúlacht luaile | Léiríonn an scoláire a chuid inniúlachtaí sa luail bhunúsach agus scileanna, coincheapa agus straitéisí a bhaineann go sonrach le spórt.<br><br>• Scileanna<br>- Cobhsaíocht<br>- Gluaiseacht<br>- Láimhsiú<br>• Coincheapa<br>- Corpfheasacht<br>- Feasacht spásúil<br>- Feasacht Iarrachta<br>- Caidrimh<br>• Straitéisí<br>- Struchtúr gníomhaíochta<br>- Taicticí<br>- Cinnteoireacht<br>- Taibhiú |

| | |
|---|---|
| | - Inspreagadh |
| Rannpháirtíocht shábháilte agus eiticiúil | Forbraíonn an scoláire Eolas agus tuiscint ar na cúinsí a chumasaíonn rannpháirtíocht shábháilte agus ómósach sa ghníomhaíocht choirp.<br><br>• Léiríonn an scoláire a thuiscint ar phrionsabail na cothromaíochta agus na caoinfhulaingthe<br>• Cuireann an scoláire rialacha agus gnásanna le haghaidh rannpháirtíocht sa ghníomhaíocht choirp i bhfeidhm.<br>• Tuigeann an scoláire an tábhacht a bhaineann le gníomhaíochtaí coirp oiriúnaithe<br>• Tugtar deiseanna don scoláire cinntí luachmhara, ábhartha agus fiúntacha a dhéanamh<br>• Aithníonn an scoláire nósanna imeachta sábháilteachta pearsanta agus grúpa agus cuireann i bhfeidhm iad<br>• Forbraíonn an scoláire inniúlacht fhisiciúil sa ghníomhaíocht a bhfuil siad ag glacadh páirte inti agus forbraíonn tuiscint ar na nósanna imeachta sábháilteachta a bhaineann leis. |
| Rannpháirtíocht ar feadh an tsaoil | Cuireann an scoláire luach le buntáistí na gníomhaíochta coirp agus glacann freagracht as rannpháirtíocht leanúnach ar feadh an tsaoil.<br><br>• Faigheann an scoláire taithí ar ghníomhaíochtaí ar son na sláinte agus ar chomhpháirteanna na corpacmhainne mar chuid de nósanna maireachtála sláintiúla agus ar chur chun cinn na folláine<br>• Cuireann an scoláire prionsabail eolaíocha chuí i bhfeidhm a chuireann bonn eolais faoi ghníomhaíocht ar son na sláinte agus cruthú.<br>• Léiríonn an scoláire dul chun cinn ó bhunscileanna luaile chuig scileanna a bhaineann go sonrach le spórt i raon de réimsí gníomhaíochta coirp.<br>• Déanann an scoláire breithniú ar na gnéithe a mbíonn tionchar acu ar a rannpháirtíocht sa ghníomhaíocht choirp ar nós nósanna maireachtála, spreagadh, braistint dhearfach féiniúlachta agus rogha phearsanta.<br>• Forbraíonn an scoláire feasacht ar mar is féidir teacht ar, roghnú agus páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí coirp a mbaineann sé |

| | |
|---|---|
| | taitneamh astu, a dtéann sé i ngleic leo agus a leanann sé leo thar thréimhse ama.<br>• Aithníonn agus roinneann an scoláire a roghanna pearsanta maidir le rannpháirtíocht i ngníomhaíocht choirp bunaithe ar chleachtas machnamhach agus ar thaithí fhairsing ar an ngníomhaíocht choirp. |

## Trí shnáithe idirnasctha an Chorpoideachais

Tá trí shnáithe idirnasctha an Chorpoideachais leagtha amach sa tsonraíocht. Tá uimhir le gach toradh foghlama laistigh de gach snáithe. Tá sé i gceist go gcabhródh an t-uimhriú le pleanáil an mhúinteora agus ní sheasann sé d'ordlathas tábhachta ar bith trasna na dtorthaí iad féin. Cuireann an tsonraíocht béim ar chur chuige neamhlíneach comhtháite chun dul i ngleic leis na snáitheanna agus na gnéithe atá fite fuaite trí eispéireas na dtorthaí foghlama. Moltar go ndéantar naisc idir torthaí foghlama na snáitheanna ar fad chun na heispéiris foghlama a fhorbairt.

### CRUTHÚ

Trí ghníomhaíochtaí choirp praiticiúla, dírítear sa snáithe seo ar thuiscint agus ar chumas an scoláire i scileanna, coincheapa agus straitéisí gluaiseachta a chuireann ar chumas an scoláire páirt a ghlacadh i réimse de ghníomhaíochtaí coirp go muiníneach agus go cumasach. Leanann an scoláire de bheith ag forbairt a chuid scileanna agus a chuid eolais luaile chun gluaiseachtaí níos casta a dhéanamh i gcásanna a éilíonn níos mó iarrachta arís is arís eile. Cuirfidh sé lena scileanna chun a thuiscint agus a chruthú a chur i bhfeidhm i ngníomhaíochtaí a bhaineann go sonrach leis an spórt.

### RANNPHÁIRTÍOCHT


Trí ghníomhaíochtaí coirp praiticiúla, dírítear sa snáithe seo ar eolas agus ar thuiscint an scoláire ar thosca a mbíonn tionchar acu ar agus a mhéadaíonn rannpháirtíocht sa ghnníomhaíocht choirp agus sa spórt a éascú. Forbraíonn an scoláire eolas, tuiscint, scileanna agus luachanna trí pháirt a ghlacadh i raon de ghníomhaíochtaí éagsúla. Cuirtear eispéiris ar fáil sna gníomhaíochtaí seo a chuireann ar chumas an scoláire meonta agus dearcthaí faoin ngníomhaíocht choirp a fhorbairt, ar nós spreagadh intreach, rogha phearsanta, ionchuimsiú agus gníomhaíocht choirp le haghaidh sláinte agus folláine.

## LÉIRTHUISCINT

Trí ghníomhaíochtaí coirp praiticiúla, dírítear sa snáithe seo ar thuiscint an scoláire ar thábhacht na rannpháirtíochta sa ghníomhaíocht choirp ar feadh an tsaoil a éascú. Glacann an scoláire páirt i ngníomhaíochtaí coirp chun an tábhacht a bhaineann le bheith gníomhach go fisiciúil agus an tionchar a bhíonn aige sin ar a shaol a thuiscint. Cuireann sé a chuid eolais agus scileanna i bhfeidhm chun anailís a dhéanamh ar leibhéil gníomhaíochta agus chun straitéisí a cheapadh le haghaidh rannpháirtíocht leanúnach i gcaitheamh tréimhse ama.

## Réimsí Gníomhaíochta Coirp

Áirítear seacht réimse gníomhaíochta coirp sa tsonraíocht seo a léiríonn raon de chatagóirí gníomhaíochta coirp éagsúla. Tá tréithe ar leith ag gach ceann acu agus cuireann siad le gnóthachtáil mhóraidhm an Chorpoideachais. Tá na gníomhaíochtaí coirp mar mheán lárnach don scoláire agus é nó í ag baint amach na dtorthaí foghlama.




*Fíor 4 Réimsí gníomhaíochta coirp*

*Tábla 3 Cur síos ar na réimsí gníomhaíochta coirp*

| **Gleacaíocht** | **Lúthchleasaíocht** | **Oiliúint uisce** | **Eachtraíocht** |
|---|---|---|---|
| Déantar iarracht comhthéacs le haghaidh eispéireas aeistéitiúil agus an deis forbairt go pearsanta, go sóisialta agus go fisiciúil a chur ar fáil sa ghleacaíocht trí rannpháirtíocht sa ghleacaíocht i dtimpeallacht shábháilte thaitneamhach. Sa ghníomhaíocht seo, is é aidhm an scoláire ná bainistiú agus feasacht coirp a fhorbairt trí luail, le fócas ar chruinneas agus ar fhíor. Idirdhealaítear an fhoghlaim sa ghleacaíocht ón bhfoghlaim i bhformhór na réimsí gníomhaíochta coirp eile sa Chorpoideachais leis an mbéim dheireanach sin. | Ag an aois seo, baineann lúthchleasaíocht le foghlaim trí bheith rannpháirteach i ngníomhaíochtaí lúthchleasaíochta: rith, léim agus caitheamh. Is féidir tosú ar na scileanna a cheanglaítear leis na gníomhaíochtaí seo a chur i bhfeidhm ar fhoirmeacha mionathraithe d'imeachtaí caighdeánacha, ag leibhéal na Sraithe Sóisearaí. Cuirtear an ghné comórtais a bhíonn lárnach sa lúthchleasaíocht san áireamh anseo agus tagairt á déanamh d'inniúlachtaí an scoláire aonair. Mar sin, is i gcomhthéacs spriocanna pearsanta a bhíonn taithí an scoláire ar chásanna iomaíocha seachas a bheith bainteach le cruthú daoine eile. | Tá áit ar leith ag an uiscíocht i gclár corpoideachais cothromaithe. Cuireann sí deis foghlama uiscebhunaithe ar fáil don scoláire trí rannpháirtíocht i raon de ghníomhaíochtaí struchtúrtha. Cuireann sí deiseanna ar fáil d'fhorbairt phearsanta, fisiciúil agus sóisialta le haghaidh gach scoláire i dtimpeallacht shábháilte thaitneamhach. Tá béim ar ghluaiseacht an scoláire san uisce, bíodh sin trí bhuillí in-aitheanta snámha nó trí mheascán díobh. Téitear i ngleic le tuiscint an scoláire ar shábháilteacht phearsanta agus ar tharrtháil i dtimpeallacht uisceach chomh maith. | Cuireann gníomhaíochtaí eachtraíochta deis ar fail don scoláire forbairt go pearsanta, go sóisialta agus go fisiciúil i dtimpeallacht shábháilte dhúshlánach. Is féidir tréithe a fhorbairt ar nós féintuilleamaí, féinmhuinín, freagracht, aird ar dhaoine eile agus meas ar an gcomhshaol ach gné eachtraíochta agus dúshláin a chur os comhair an scoláire i dtimpeallacht rialaithe. Scileanna áirithe atá bainteach le gníomhaíochtaí eachtraíochta ná ceannaireacht, teagmháil, réiteach fadhbanna chomh maith le scileanna ar leith a bhaineann le réimsí foghlama éagsúla. Sa tslí seo, is féidir dul i ngleic le gnéithe den fhorbairt iomlánaíoch nach leagtar béim orthu i réimsí eile den Chorpoideachas go hiondúil. |
| **Gníomhaíocht ar son na sláinte** | **Cluichí ionartha** | **Damhsa** | |
| Tá an ghníomhaíocht choirp seo difriúil sa mhéid agus go ndéantar iarracht na gníomhaíochtaí coirp eile a tharraingt le chéile ann ionas go gcuirtear deis ar fáil do scoláirí tuiscint ar chorpacmhainn ar son na sláinte a fhorbairt agus na prionsabail a bhaineann lena chur i bhfeidhm ar fhíor-rannpháirtíocht. Agus é seo san áireamh sa Chorpoideachas, léirítear an dearcadh go bhfuil cur chun cinn na corpacmhainne ina mhodh tábhachtach i dtaca le nósanna maireachtála sláintiúla a fhorbairt agus a chaomhnú. | Trí rannpháirtíocht i réimse de chluichí éagsúla i dtimpeallacht shábháilte thaitneamhach cuirfear deis ar fáil don scoláire forbairt go pearsanta, go sóisialta agus go fisiciúil. Múinfear scileanna, teicnící agus forbrófar feasacht thaicticiúil trí fhiosrú na bprionsabal imeartha ar nós ionsaí, cosaint nó comhoibriú. Féachtar ar shealbhú scileanna i gcomhthéacs rannpháirtíochta an scoláire i gcás cluiche agus i gcomhthéacs a chur ar a chumas cinntí oiriúnacha a dhéanamh bunaithe ar a leibhéal feasachta taicticiúla atá ag dul i bhfeabhas, chomh maith lena inniúlacht luaile agus an leibhéal scil a léirítear. | Déantar iarracht comhthéacs le haghaidh eispéiris aeistéitiúla agus ealaíonta a chur ar fáil leis an rince agus cuirtear ar chumas an scoláire forbairt go pearsanta, go sóisialta agus go fisiciúil trí bheith rannpháirteach sa rince i dtimpeallacht thaitneamhach. Sa tSraith Shóisearach, cuirtear deiseanna ar fáil don scoláire chun thuiscint ar raon de chineálacha rince éagsúla a mhéadú. Cuirfear cásanna foghlama ina mbaineann sé ciall as smaointe agus mothúchán agus ina bhfreagraíonn sé do spreagthaigh, ag baint | |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | úsáid as gluaiseachtaí rince, faoi bhráid an scoláire. | |

## Gníomhaíochtaí Coirp

Sa chorpoideachas, tuigtear go gcuimsítear leis an téarma gníomhaíocht choirp gach cineál gníomhaíochta coirp le chéile ar chontanam, mar a bhfuil rannpháirtíocht sa ghníomhaíocht choirp mar chuid de stíl mhaireachtála shláintiúil ar thaobh amháin agus a bheith in iomaíocht le rud a bhuachan ar an taobh eile. Faigheann an foghlaimeoir taithí ar chorpoideachas mar phróiseas comhreathach foghlama i ngníomhaíocht choirp, trí ghníomhaíocht choirp agus maidir le gníomhaíocht choirp. Caithfear na próisis seo a bheith oiriúnach do staid agus d'aois an duine óig, bunaithe ar an staid ag a bhfuil sé nó sí san aistear foghlama, sa chás seo, an tSraith Shóisearach.

Tagairt is ea **Foghlaim sa ghníomhaíocht choirp** do thorthaí a bhaineann le taithí nuair a bhíonn an scoláire ag gabháil go gníomhach don ghníomhaíocht choirp. Bíonn an scoláire ag gabháil do mhachnamh leanúnach maidir lena chuid foghlama agus dul chun cinn sa ghníomhaíocht choirp. Is gá an scoláire a chumasú i bhforbairt scileanna agus eolais ar raon leathan de ghníomhaíochtaí coirp ionas go bhforbraítear a chuid inniúlachtaí agus a mhuinín i dtaobh páirt a ghlacadh sa ghníomhaíocht choirp.

Tagraíonn **Foghlaim trí ghníomhaíocht choirp** do thorthaí ríthábhachtacha nuair is í an ghníomhaíocht choirp an meán trína bhfoghlaimíonn an scoláire. Níltear dírithe go príomha ar an toradh ná ar chur i gcrích ach in ionad sin dírítear ar fhoghlaim phearsanta, shóisialta agus intleachtúil an scoláire trína rannpháirtíocht sa ghníomhaíocht choirp. Tá inniúlacht an scoláire anailís, meas agus athmhachnamh a dhéanamh riachtanach chun tacú le forbairt a bhraistinte léirthuisceana ar an ngníomhaíocht choirp agus lena spreagadh le dul i ngleic le rannpháirtíocht ar feadh an tsaoil. Caithfear tacú leis an scoláire chun scileanna athmachnaimh a fhorbairt agus is gá go n-aireofaí deis don scoláire a bhraistint luachanna a fhorbairt in eispéireas Corpoideachais na Sraithe Sóisearaí tríd síos.

Tagraíonn **Foghlaim faoin ngníomhaíocht choirp** don fhiosrú a dhéantar faoin gcaoi a mbíonn tionchar ag thosca difriúla ar chruthú agus ar rannpháirtíocht sa ghníomhaíocht choirp. Foghlaimíonn an scoláire conas cinntí eolasacha a dhéanamh faoina chuid spriocanna feidhmíochta a bhaint amach agus faoi thosca a mbíonn tionchar acu ar an rannpháirtíocht sa ghníomhaíocht choirp. Fiosraíonn an scoláire rochtain agus baic ar an ngníomhaíocht choirp.

# Dul chun cinn ón Luath-óige, an bunoideachas agus an tSraith Shinsearach

## Luath-óige

Leis an gCreat Luath-Óige, Aistear, déantar ceiliúradh ar an luath-óige mar thréimhse ina mbíonn an sult agus an fholláine i réim agus ina mbíonn an páiste ag foghlaim ó eispéiris de réir mar a thiteann siad amach. Faoi théama na Folláine, aithnítear go bhfuil an fholláine fhisiceach tábhachtach le haghaidh foghlama agus forbartha nó cuireann sí ar chumas an pháiste fiosrú agus taiscéaladh a dhéanamh agus é féin a shíneadh sa timpeallacht. Mar chuid de sin, tá feasacht mhéadaitheach ar a chorp agus ar a chumais fhisiceacha féin.

## Curaclam na Bunscoile

Tríd an gCorpoideachas i gCuraclam na Bunscoile, soláthraítear réimse cothrom gníomhaíochtaí don pháiste agus spreagtar scoileanna chun cur chuige solúbtha a ghlacadh i leith na pleanála le haghaidh corpoideachais. Cuireann an curaclam Corpoideachais le forbairt iomlán an pháiste trí chabhrú leis saol gnóthach, gníomhach agus sláintiúil a chaitheamh. Cuimsítear sé shnáithe ann: lúthchleasaíocht, damhsa, gleacaíocht, gníomhaíochtaí allamuigh agus eachtraíochta, agus uiscíocht.

## An tSraith Shinsearach

Forbraíodh sonraíocht Corpoideachais na Sraithe Sóisearaí chun leanúnachas ón gcuraclam bunscoile a chur ar fáil agus chun ailíniú le téamaí agus gnéithe suntasacha an chorpoideachais sa tSraith Shinsearach. Tacaíonn sé seo le haistriú eolais, tuisceana, scileanna agus luachanna. Cuirfidh na snáitheanna agus na gnéithe ar chumas an scoláire an t-eolas agus na scileanna a fhorbairt lena n-úsáid arís sa tsraith shinsearach. Lena chois sin, tabharfaidh siad deiseanna fónta don scoláire maidir le foghlaim leanúnach i mórán ábhar. Mar gheall ar dhoimhneacht agus ar fhairsinge na foghlama a chuirfear ar fáil sa tsraith shóisearach, gheobhaidh an scoláire taithí ar choincheapa a ndéanfar tuilleadh forbartha orthu sa tSraith Shinsearach trí thabhairt faoi Chorpoideachas na Sraithe Sinsearaí agus/nó faoi Chorpoideachas na hArdteistiméireachta.

# Ionchais maidir le scoláirí

Is scáth-théarma é ionchais maidir le scoláirí a nascann torthaí foghlama le samplaí anótáilte de shaothar scoláirí i sonraíocht an ábhair. Nuair a bheidh múinteoirí, scoláirí nó tuismitheoirí ag scrollú síos trí na torthaí foghlama, beidh nasc ar fáil uaireanta le samplaí oibre a bhaineann le toradh foghlama ar leith nó le grúpa de thorthaí foghlama. Roghnófar na samplaí de shaothar scoláirí chun ionchais a léiriú agus beidh tráchtanna múinteoirí leo. Cuimseoidh na samplaí seo obair

- atá ag teacht leis na hionchais
- atá os cionn na n-ionchas
- atá thar barr ar fad

Is é an cuspóir atá leis na samplaí de shaothar scoláirí go dtaispeánfar iontu a oiread atá na torthaí foghlama á mbaint amach i bhfíorchásanna.

## Torthaí foghlama

Is ráitis iad na torthaí foghlama a chuireann síos ar an eolas, ar an tuiscint, ar na scileanna agus ar na luachanna ba cheart don scoláire a bheith ábalta a thaispeáint i ndiaidh dó nó di staidéar a dhéanamh ar an gCorpoideachas sa tsraith shóisearach. Baineann na torthaí foghlama a leagtar amach sna táblaí seo a leanas le gach scoláire. Faoi mar atá siad leagtha amach anseo léiríonn siad torthaí don scoláire ag deireadh na dtrí bliana staidéir. **Cuirtear béim sa tsonraíocht gur le haghaidh trí bliana na torthaí foghlama agus dá bharr sin cé nach mbeidh torthaí foghlama a ndírítear orthu ag pointe ama ar leith 'curtha i gcrích' fós, ach leanfaidh siad de bheith ag tacú le foghlaim an scoláire sa Chorpoideachas go dtí deireadh na Sraithe Sóisearaí.**

Tá uimhir le gach toradh laistigh de gach snáithe. Tá sé i gceist go gcabhródh an t-uimhriú le pleanáil an mhúinteora agus ní sheasann sé d'ordlathas tábhachta ar bith trasna na dtorthaí iad féin. Cuirtear Corpoideachas na Sraithe Sóisearaí ar fáil ag leibhéal comónta.

# Snáithe 1. Cruthú

**Forbhreathnú gairid ar an snáithe**

Trí ghníomhaíochtaí coirp praiticiúla, dírítear sa snáithe seo ar thuiscint agus ar chumas an scoláire i scileanna, coincheapa agus straitéisí gluaiseachta a chuireann ar chumas an scoláire páirt a ghlacadh i réimse de ghníomhaíochtaí coirp go muiníneach agus go cumasach. Leanann an scoláire de bheith ag forbairt a chuid scileanna agus a chuid eolais luaile chun gluaiseachtaí níos casta a dhéanamh i gcásanna a éilíonn níos mó iarrachta arís is arís eile. Cuirfidh sé lena scileanna chun a thuiscint agus a chruthú a chur i bhfeidhm i ngníomhaíochtaí a bhaineann go sonrach le spórt.

**Torthaí Foghlama**

Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire:

Movement competency

Safe and ethical participation

Lifelong engagement

1.1 Inniúlacht a léiriú i scileanna gluaiseachta bunúsacha atá riachtanach le páirt a ghlacadh i scileanna a bhaineann go sonrach le spórt sa raon de ghníomhaíochtaí coirp

1.2 Scileanna ábhartha a chur i bhfeidhm chun cruthú go hinniúil agus go muiníneach sa raon gníomhaíochtaí coirp a bhfuair sé nó sí taithí orthu

1.3 Sraith gluaiseachtaí a fhorbairt i ngníomhaíochtaí aeistéitiúla lena n-ionchorpraítear teicnící teicniúla, cumadóireachta agus cóiréagrafaíochta, scileanna ábhartha agus trealamh san áireamh, nuair is gá

1.4 Breithniú ar na nithe is gá chun taispeántas atá go hiomlán ionchuimsitheach a chur chun cinn i ngníomhaíochtaí coirp roghnaithe

1.5 Réimse leathan scileanna agus straitéisí luaile a úsáid go héifeachtach chun fheidhmiú a fheabhsú thar réimsí gníomhaíochta in éagsúlacht de thimpeallachtaí gníomhaíochta coirp

1.6 Plean a cheapadh agus a chur i bhfeidhm chun corpacmhainn a bhaineann le cruthú a fheabhsú i ngníomhaíocht choirp roghnaithe

1.7 Scileanna agus straitéisí a chur i bhfeidhm chun feidhmiú go hinniúil i raon de chásanna iomaíocha agus comhoibritheacha

1.8 Feasacht thaicticiúil a léiriú i raon de chásanna ina mbíonn brú i gceist

1.9 Breithniú a dhéanamh ar an tslí gur féidir úsáid na teicneolaíochta a chur i bhfeidhm chun feabhas a chur ar chruthú

1.10 Aistriú scileanna i raon de chásanna gníomhaíochta coirp a léiriú.

# Snáithe 2: Rannpháirtíocht

**Forbhreathnú gairid ar an snáithe**

Trí ghníomhaíochtaí coirp praiticiúla, dírítear sa snáithe seo ar éascaíocht a dhéanamh ar thuiscint an scoláire ar ghnéithe a mbíonn tionchar acu ar an rannpháirtíocht sa ghníomhaíocht choirp agus sa spórt agus a mhéadaíonn an rannpháirtíocht seo. Forbraíonn an scoláire eolas, tuiscint agus scileanna trí pháirt a ghlacadh i raon de ghníomhaíochtaí éagsúla. Cuirtear eispéiris ar fáil sna gníomhaíochtaí seo a chuireann ar chumas an scoláire meonta agus dearcthaí faoin ngníomhaíocht choirp a fhorbairt, ar nós spreagadh intreach, rogha phearsanta, ionchuimsiú agus gníomhaíocht choirp le haghaidh sláinte agus folláine.

**Torthaí Foghlama**

Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire:

Movement competency

- 2.1 Leibhéil scile pearsanta a mheas i raon de réimsí gníomhaíochta coirp
- 2.2 Anailís a dhéanamh ar an nasc idir cruthú pearsanta i raon de ghníomhaíochtaí coirp agus spreagadh i dtreo rannpháirtíocht leanúnach.
- 2.3 Breithniú a dhéanamh ar an tionchar a bhíonn ag corpacmhainn ar son na sláinte agus corpacmhainn a bhaineann le feidhmíocht ar chruthú
- 2.4 Breithmheas a dhéanamh ar shraith gluaiseachtaí i ngníomhaíochtaí aeistéitiúla a chuireann teicnící teicniúla, cumadóireachta agus cóiréagrafaíochta agus scileanna ábhartha san áireamh.

Safe and ethical participation

- 2.5 Breithniú a dhéanamh ar scileanna riachtanacha i dtaobh rath a bhaint amach i raon de chásanna gníomhaíochta coirp dúshlánacha éagsúla
- 2.6 Scrúdú a dhéanamh ar straitéisí agus taicticí i raon de chásanna iomaíocha agus comhoibritheacha
- 2.7 Cuir chuige agus gnéithe a thacaíonn le rannpháirtíocht leanúnach sa ghníomhaíocht choirp a shainaithint

Lifelong engagement

- 2.8 Na naisc idir leibhéil rannpháirtíochta agus feabhsú scile agus feasacht thaicticiúil i réimse gníomhaíochta coirp a mheas.
- 2.9 Tuiscint a léiriú ar mhaireachtáil phearsanta agus ar nithe is gá a chur san áireamh maidir le sábháilteacht uisce

# Snáithe 3: Léirthuiscint

| |
|---|
| **Forbhreathnú gairid ar an snáithe**<br>Trí ghníomhaíochtaí coirp praiticiúla, dírítear sa snáithe seo ar éascaíocht a dhéanamh ar thuiscint an scoláire ar thábhacht na rannpháirtíochta i ngníomhaíocht choirp ar feadh an tsaoil. Glacann an scoláire páirt i ngníomhaíochtaí coirp chun an tábhacht a bhaineann le bheith gníomhach go fisiciúil agus an tionchar a bhíonn aige sin ar a shaol a thuiscint. Cuireann sé a chuid eolais agus scileanna i bhfeidhm chun anailís a dhéanamh ar leibhéil gníomhaíochta agus chun straitéisí a cheapadh le haghaidh rannpháirtíocht leanúnach i gcaitheamh tréimhse ama. |
| **Torthaí Foghlama**<br>Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire: |
| 3.1 Scrúdú a dhéanamh ar na naisc idir leibhéal scile agus rannphairtíocht agus taitneamh sa ghníomhaíocht choirp<br>3.2 Iniúchadh a dhéanamh ar an tslí ina mbíonn tionchar ag gnéithe sóisialta agus cultúrtha ar rannpháirtíocht sa ghníomhaíocht choirp.<br>3.3 Anailís a dhéanamh ar an tslí a chuireann corpacmhainn a bhaineann le cruthú le feidhmíocht<br>3.4 Monatóireacht a dhéanamh ar dhéine gníomhaíochta coirp, ar chorpacmhainn agus ar chruthú i gcaitheamh tréimhse ama ag baint úsáid as raon de theicnící tomhais<br>3.5 Plean a cheapadh agus a chur i bhfeidhm chun corpacmhainn ar son na sláinte a fheabhsú<br>3.6 Iniúchadh a dhéanamh ar ról na cinnteoireachta, na cumarsáide agus na ceannasaíochta sa rannpháirtíocht agus i gcruthú méadaithe i réimsí gníomhaíochta roghnaithe<br>3.7 Conairí i dtreo rannpháirtíocht leanúnach sa ghníomhaíocht choirp i bpobal nó i dtimpeallacht áitiúil a cheapadh<br>3.8 Breithniú a dhéanamh ar na naisc idir a bheith gníomhach go fisiciúil agus braistint dhearfach maidir leis an bhfolláine<br>3.9 Tuiscint a léiriú ar an tábhacht a bhaineann le bheith gníomhach go fisiciúil<br>3.10 Iniúchadh a dhéanamh ar dheiseanna rannpháirtíochta sa spórt nó sa ghníomhaíocht choirp a mhéadú |



# Measúnú agus tuairisciú

Baineann measúnú san oideachas le heolas faoi phróisis agus faoi thorthaí na foghlama a bhailiú, a léirmhíniú agus a úsáid. Tá cineálacha éagsúla ann agus is féidir é a úsáid ar bhealaí éagsúla, amhail gnóthachtáil a thaifeadadh agus a thuairisciú, na bealaí cuí chun foghlaimeoirí a thabhairt trí churaclam difreálach a shocrú, nó chun réimsí deacrachta nó láidreachta ar leith d'fhoghlaimeoir áirithe a shainaithint. Cé gur féidir teicnící difriúla a úsáid chun measúnú foirmitheach, diagnóiseach agus suimitheach a dhéanamh, dírítear an measúnú agus an tuairisciú ar fhoghlaim an scoláire a fheabhsú. Chuige sin, ní mór go léireodh sé aidhm an churaclaim go hiomlán.

Leagann an tsraith shóisearach an-bhéim ar mheasúnú mar chuid den phróiseas foghlama. Sa chur chuige sin, teastaíonn éagsúlacht sa mheasúnú chun a chinntiú go mbíonn an modh/na modhanna measúnaithe a roghnaítear oiriúnach don fheidhm, tráthúil agus ábhartha don scoláire. Sa mheasúnú i gCorpoideachas na Sraithe Sóisearaí, tapófar an deis don scoláire a bheith ina rannpháirtí machnamhach agus gníomhach ina chuid foghlama féin agus an deis dá réir a bheidh ag múinteoirí tacú leis sin. Tá sé sin ag brath ar dheiseanna a bheith á soláthar don fhoghlaimeoir chun dul i ngleic leis na critéir ratha faoina ndéanfar caighdeán a chuid oibre a mheas trí phiarmheasúnú, trí fhéinmheasúnú agus trí mheasúnú múinteora; agus braitheann sé ar chaighdeán an aiseolais dhírithe a fhaigheann sé chun cabhrú leis ina chuid foghlama.

Gné an-tábhachtach den mheasúnú ardchaighdeáin is ea aiseolas dírithe a thabhairt don scoláire ar a chuid foghlama agus is toisc lárnach í maidir le cumas an scoláire a fhorbairt chun a chuid foghlama féin a bhainistiú agus leis an scoláire a ghríosú le cloí le tasc casta nó le fadhb chasta. Is éifeachtaí an measúnú nuair a théann sé níos faide ná marcanna agus gráid, agus díríonn an tuairisciú ní amháin ar mar a d'éirigh leis an scoláire roimhe sin ach freisin ar na chéad chéimeanna eile le haghaidh na foghlama amach anseo. Cinnteoidh an cur chuige sin go ndéanfar an measúnú chomh gar don phointe foghlama agus is féidir.

Go bunúsach, is é cuspóir an mheasúnaithe agus an tuairiscithe ag an gcéim seo den oideachas tacú leis an bhfoghlaim. Ba chóir léargas cuimsitheach ar fhoghlaim an scoláire a thabhairt do thuismitheoirí/chaomhnóirí. Mar go nascfar an measúnú ranga agus measúnú eile le córas nua tuairiscithe, arb é bronnadh Phróifíl Gnóthachtála na Sraithe Sóisearaí a bhuaicphointe, tabharfaidh sé léargas leathan soiléir do thuismitheoirí/chaomhnóirí ar thuras foghlama a bpáiste thar thrí bliana na sraithe sóisearaí.

Chun tacú leis sin, beidh teacht ag múinteoirí agus ag scoileanna ar ábhar tacaíochta measúnaithe atá ar fáil ar líne. I dteannta an treoirleabhair faoin bpróiseas a bhaineann leis an Athbhreithniú ar

Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair (AFMÁ), dírítear ar ábhar tacaíochta foghlama, teagaisc agus measúnaithe lena n-áirítear:

- measúnú foirmitheach
- pleanáil le haghaidh measúnú agus é a dhearadh
- measúnuithe leanúnacha le húsáid sa seomra ranga
- breithiúnas a thabhairt ar obair an scoláire – ag breathnú ar ionchais maidir le scoláirí agus ar ghnéithe cáilíochta
- tuairisciú do thuismitheoirí agus don scoláire
- smaoineamh faoin measúnú: smaointe, taighde agus machnamh
- gluais.

Áireofar san ábhar tacaíochta ar líne réimse de thacaí measúnaithe, comhairle agus treoirlínte a chuirfidh ar chumas scoileanna agus múinteoirí dul i ngleic leis an gcóras nua measúnaithe agus faoi na socruithe tuairiscithe ar bhealach eolach, le muinín agus le cinnteacht.

# Measúnú do Phróifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí

Cuimseoidh an measúnú ar an gCorpoideachas le haghaidh Phróifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí (PGSS) dhá Mheasúnú Rangbhunaithe, MRB1: Gníomhaíocht choirp le haghaidh na sláinte agus an taitnimh agus MRB2: Mo thaispeántas.

### RÉASÚNAÍOCHT LEIS NA MEASÚNUITHE RANGBHUNAITHE SA CHORPOIDEACHAS

Is ionann na Measúnuithe Rangbhunaithe agus tráth a ndéanann an múinteoir measúnú ar an scoláire sna measúnuithe sonracha a leagtar amach sa tsonraíocht. Tá na Measúnuithe Rangbhunaithe cosúil leis an measúnú foirmitheach a tharlaíonn gach lá i ngach rang. Mar sin féin, i gcás na Measúnuithe Rangbhunaithe, breactar síos breithiúnas an mhúinteora ar mhaithe le hathbhreithniú ar fhoghlaim agus ar mheasúnú ábhair, agus ar mhaithe le tuairisciú na scoile do thuismitheoirí agus don scoláire.

Thar thrí bliana na sraithe sóisearaí, tabharfar deiseanna don scoláire a fhiosracht agus a spéis sa Chorpoideachas a spreagadh. Tá nasc idir na Measúnuithe Rangbhunaithe agus na tosaíochtaí don fhoghlaim agus don teagasc sa Chorpoideachas. Tá sé i gceist go nglacfaidh an scoláire páirt in eispéiris foghlama phraiticiúla bharántúla trí na Measúnuithe Rangbhunaithe ina n-éilítear air nó uirthi an t-eolas, an tuiscint, na scileanna agus na luachanna a forbraíodh trí na torthaí foghlama a chur i bhfeidhm.

Tabharfaidh na Measúnuithe Rangbhunaithe na deiseanna seo a leanas don scoláire:

- an t-eolas, an tuiscint, na scileanna, na dearcthaí agus na luachanna a forbraíodh sa Chorpoideachas a chur i bhfeidhm
- aitheantas a fháil as an bhfoghlaim atá déanta aige nó aici
- anailís a dhéanamh ar shonraí agus ar fhianaise chun breithiúnais agus cinntí eolasacha a dhéanamh
- cumarsáid a dhéanamh go soiléir agus go héifeachtach
- comhoibriú le daoine eile ar thascanna
- machnamh pearsanta a dhéanamh ar a chuid foghlama
- a bheith in ann iniúchadh a dhéanamh ar réimsí a bhfuil suim aige iontu agus a bhfuil baint acu le réimsí staidéir.

Trí na Measúnuithe Rangbhunaithe sin, forbróidh an scoláire a chuid eolais, tuisceana, scileanna agus luachanna, agus ar an mbealach sin bainfidh sé amach na torthaí foghlama a leagadh amach sna snáitheanna.

## Measúnú Rangbhunaithe 1: Gníomhaíocht choirp le haghaidh na sláinte agus an taitnimh

| **Gníomhaíocht choirp le haghaidh na sláinte agus an taitnimh** | **Leagan amach** | **Ullmhúchán an scoláire** | **Cur i gcrích** | **Cruinniú AFMÁ** |
|---|---|---|---|---|
| Dearann an scoláire clár bunaithe ar spriocanna pearsanta chun a chuid rannpháirtíochta i ngníomhaíocht choirp a fheabhsú agus cuireann i bhfeidhm é. | Is féidir an clár a chur i láthair i réimse de leaganacha amach agus meáin dhifriúla. | Ag deireadh na tréimhse sé seachtaine[1] tabharfaidh an scoláire tuairisc ar a chlár bunaithe ar an bplean a cuireadh i bhfeidhm agus ar mheastóireacht ar rath an chláir. | 2ú bliain téarma 2 | Cruinniú athbhreithnithe amháin |

## Measúnú Rangbhunaithe 2: Mo thaispeántas

| **MRB – Mo thaispeántas** | **Leagan amach** | **Ullmhúchán an scoláire** | **Cur i gcrích** | **Cruinniú AFMÁ** |
|---|---|---|---|---|
| Cuireann an scoláire taispeántas i gcrích i réimse gníomhaíochta coirp a roghnaíodh astu siúd a ndearnadh staidéar orthu. | Cuirtear an taispeántas i gcrích le linn am ranga | Roghnóidh an scoláire, i gcaitheamh tréimhse sé seachtaine, an tslí is fearr le leibhéal inniúil scile a léiriú sa réimse gníomhaíochta coirp a roghnaíodh | 3ú bliain téarma 2 | Cruinniú athbhreithnithe amháin |

## NA MEASÚNUITHE RANGBHUNAITHE A MHEAS

Beidh ábhar níos sonraí maidir le tuairisciú i gCorpoideachas na Sraithe Sóisearaí, a leagfaidh amach sonraí maidir leis na socruithe praiticiúla a bhaineann le measúnú na Measúnuithe Rangbhunaithe. ar fáil i dTreoirlínte Measúnaithe don Chorpoideachas a bheidh mar cháipéis as féin. San áireamh anseo beidh moltaí i dtaca le taifead a dhéanamh ar fhoghlaim an scoláire le haghaidh an MRB, agus tacaíocht i dtaca le breithiúnas 'ar an iomlán' a úsáid i ndáil leis na gnéithe cáilíochta.

Tá ábhar acmhainne le fáil ar rannán measúnaithe an tsuímh www.ncca.ie chomh maith, lena úsáid agus le gur féidir tagairt a dhéanamh dó i measúnú leanúnach ranga ar Chorpoideachas na Sraithe Sóisearaí, lena n-áirítear mionchuntas ar an bpróiseas a bhaineann leis an Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair.

## NA GNÉITHE CÁILÍOCHTA

Tacaíonn na gnéithe cáilíochta le breithiúnas an scoláire agus an mhúinteora ar na Measúnuithe Rangbhunaithe agus is iad na critéir iad a úsáidfidh an múinteoir chun píosaí oibre an scoláire a mheas. Cuirfidh gach scoláire an dá Mheasúnú Rangbhunaithe (MRB) i gcrích. Beidh na gnéithe cáilíochta ar fáil sna Treoirlínte Measúnuithe don Chorpoideachas.

## CLEACHTAIS MHEASÚNAITHE IONCHUIMSITHEACHA

Ceadaítear cleachtais mheasúnaithe chuimsitheacha sa tsonraíocht, bíodh sin mar chuid de mheasúnú leanúnach nó mar Mheasúnuithe Rangbhunaithe. Sa chás go meastar i scoil go bhfuil sainriachtanas fisiciúil nó foghlama ag scoláire, d'fhéadfaí socrú réasúnta a chur i bhfeidhm chun tionchar an mhíchumais ar fheidhmiú an scoláire i Measúnuithe Rangbhunaithe a laghdú, a oiread agus is féidir. Ba cheart go mbeadh na hoiriúntais, m.sh. an tacaíocht a thugann Cúntóir Riachtanas Speisialta nó tacaíocht teicneolaíochtaí cúntacha, ag teacht leis na socruithe a chuir an scoil i bhfeidhm chun tacú le foghlaim an scoláire i rith na scoilbhliana.

# Aguisín 1: Gluais bhriathra gnímh

Cuireadh an ghluais seo i dtoll a chéile chun na torthaí foghlama a shoiléiriú. Déantar cur síos ar gach briathar gnímh i dtéarmaí na rudaí ba chóir a bheith ar chumas an scoláire ach an toradh foghlama a bhaint amach.

| **Briathra gnímh** | **Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire** |
|---|---|
| Anailísigh | staidéar nó scrúdú a dhéanamh ar rud go mion, rud a mhiondealú chun na bunghnéithe nó an bunstruchtúr a nochtadh; codanna agus coibhneasa a shainaithint, agus fianaise a léirmhíniú chun teacht ar chonclúidí |
| Cuir i bhfeidhm | faisnéis agus/nó eolas agus tuiscint a roghnú agus a úsáid chun cás tugtha nó fíorchúinsí a mhíniú |
| Léirthuiscint a bheith ag… do… | brí a aithint, tuiscint phraiticiúil a bheith aige do rud |
| Meas | saintréith, cumas, nó cáilíocht ruda a mheasúnú nó breithiúnas a thabhairt ina thaobh |
| Ríomh | teacht ar fhreagra uimhriúil, ag taispeáint na gcéimeanna cuí san oibriú amach |
| Rangaigh | rudaí a chur i ngrúpaí bunaithe ar thréithe comónta |
| Déan comparáid | cuntas a thabhairt ar na cosúlachtaí agus (nó) difríochtaí idir dhá rud nó cás (nó níos mó), ag tagairt don dá cheann acu (dóibh uile) síos tríd |
| Cuir i gcrích | rud atá á dhéanamh aige a thabhairt chun críche, rud a chur de go sásúil |
| Déan | gníomhaíocht a eagrú agus tabhairt fúithi |
| Meas (cuimhnigh ar…) | cur síos a dhéanamh ar phatrúin i sonraí; eolas agus tuiscint a úsáid chun patrúin a léirmhíniú, tuartha a dhéanamh agus iontaofacht a sheiceáil |
| Cuir le chéile | eolas a fhorbairt i bhfoirm léaráide nó loighce; ní dhéantar é trí fhíricí a thabhairt chun cuimhne ach trí chosúlachtaí nó trí fhaisnéis a úsáid agus a nascadh |
| Tiontaigh | athrú go foirm eile |

| | |
|---|---|
| Déan díospóireacht | cur agus cúiteamh a faoi ábhar, go háirithe i bplé foirmiúil |
| Taispeáin | rud a chruthú nó a dhéanamh soiléir trí réasúnaíocht nó le fianaise, rud a léiriú le samplaí nó le cur i bhfeidhm praiticiúil |
| Cuir síos | pictiúr nó íomhá mhionsonraithe a fhorbairt ar struchtúr nó ar phróiseas, mar shampla, ag úsáid focal nó léaráidí mar is cuí; plean, ionsamhlú nó mionsamhail a chruthú |
| Forbair | dul chun cinn nó feabhsú chun éirí níos aibí, níos forásaí, nó níos casta |
| Ceap | nós imeachta nó córas a phleanáil, a chruthú nó a chur le chéile trí mhachnamh domhain a dhéanamh |
| Faigh amach | rud a chinntiú nó a dhearbhú go beacht trí thaighde nó trí ríomh |
| Dealaigh | an méid a dhéanann rud éagsúil a aithint nó a oibriú amach |
| Pléigh | athbhreithniú tomhaiste cothrom a thabhairt a chuimsíonn réimse argóintí, tosca, nó hipitéisí: ba chóir tuairimí nó conclúidí a chur i láthair go soiléir agus tacú leo le fianaise chuí |
| Idirdhealaigh | na difríochtaí idir dhá choincheap nó dhá rud nó níos mó a dhéanamh soiléir |
| Measúnaigh (sonraí) | sonraí a bhailiú agus a scrúdú chun breithiúnais agus breithmheas a dhéanamh; cur síos a dhéanamh ar an gcaoi a dtacaíonn nó nach dtacaíonn fianaise le conclúid i bhfiosrúchán nó in iniúchadh; srianta sonraí i gconclúidí a shainaithint; breithiúnais a dhéanamh faoi smaointe, faoi réitigh nó faoi mhodhanna |
| Measúnaigh (breithiúnas eiticiúil) | fianaise a bhailiú agus a scrúdú chun breithiúnais agus breithmheas a dhéanamh; cur síos a dhéanamh ar an gcaoi a dtacaíonn nó nach dtacaíonn fianaise le breithiúnas; srianta fianaise i gconclúidí a shainaithint; breithiúnais a dhéanamh faoi na smaointe, faoi réitigh nó faoi mhodhanna |
| Mínigh | mionchuntas a thabhairt lena n-áirítear fáthanna nó cúiseanna |
| Scrúdaigh | argóint nó coincheap a mheas ar bhealach a nochtann toimhdí agus caidrimh na saincheiste |

| | |
|---|---|
| Sainaithin | patrúin, fíricí nó sonraí a aithint; freagra a sholáthar ó roinnt féidearthachtaí; fíoras nó gné shainiúil a aithint agus a lua go hachomair |
| Iniúch | breathnú, staidéar, nó mionscrúdú córasach a dhéanamh, chun fíricí a chinntiú agus teacht ar chonclúidí nua |
| Léirmhínigh | eolas agus tuiscint a úsáid chun treochtaí a aithint agus teacht ar chonclúidí ó fhaisnéis a thugtar |
| Cosain | cúiseanna bailí nó fianaise bhailí a thabhairt chun tacú le freagra nó le conclúid |
| Monatóirigh | breathnú ar dhul chun cinn ruda agus é a sheiceáil thar thréimhse ama; rud a choimeád faoi athbhreithniú córasach |
| Tuar | toradh ionchasach imeachta a thabhairt; imeacht nua a mhíniú bunaithe ar bhreathnuithe nó ar fhaisnéis ag úsáid naisc loighciúla idir míreanna eolais |
| Ullmhaigh | rud a fháil faoi réir le haghaidh a úsáide nó chun é a chur i láthair |
| Cuir i láthair | smaoineamh a chur chun cinn nó a mholadh; fianaise a thabhairt nó a léiriú; rud a thaispeáint ionas gur féidir le daoine eile é a scrúdú |
| Mol | plean nó smaoineamh a chur chun tosaigh lena mheas |
| Mol (comhairligh) | rud a chur chun tosaigh agus é faofa mar rud a bheadh oiriúnach le haghaidh cuspóir airithe |
| Aithin | fíricí, saintréithe nó coincheapa atá riachtanach (ábhartha/oiriúnach) chun cás, imeacht, próiseas nó feiniméan a thuiscint a shainaithint |
| Ceangail | rud a shamhlú le rud eile, cúiseanna a thabhairt |
| Luaigh | ráiteas achomair a thabhairt gan mórán argóint tacaíochta nó gan aon argóint tacaíochta |
| Tabhair le fios | réiteach, hipitéis nó freagra féideartha eile a mholadh |
| Tuig | corpas dea-eagraithe eolais a bheith ag duine agus é sin a chur i bhfeidhm |
| Úsáid | eolas nó rialacha a chur i bhfeidhm chun teoiric a chur i ngníomh |
| Deimhnigh | fianaise a thabhairt chun tacú le fírinne ráitis |

NCCA

An Chomhairle Náisiúnta
Curaclaim agus Measúnachta
National Council for
Curriculum and Assessment